Galway 2020 Gaillimh

FOLÚNTAS

Oifigeach Cumarsáide Gaeilge

European Capital of Culture

Oifigeach Cumarsáide Gaeilge

Achoimhre an Phoist

Beidh dhá phríomhdhualgas uileghabhálach ar an Oifigeach Cumarsáide Gaeilge: Clár leathan Gaeilge a chur chun cinn a dhéanfaidh forbairt ar úsáid agus ar fheiceálacht na Gaeilge in Gaillimh 2020 agus feidhmiú mar Oifigeach Meáin do Ghaillimh 2020 leis na meáin Ghaeilge, eagraíochtaí agus pobail na Gaeilge.

Freagrachtaí

- Polasaí Gaeilge na heagraíochta a chomhordnú agus a chur i bhfeidhm.
- Preasráitis agus ailt a ullmhú agus a scríobh i nGaeilge.
- Ábhair a ullmhú agus a aistriú le húsáid ar shuíomh gréasáin Ghaillimh 2020.
- Déileáil le fiosrúcháin ó na meáin Ghaeilge idir ghlaonna gutháin, r-phost agus comhfhreagrais i scríbhinn.
- Idirchaidreamh le bainisteoirí agus le hionadaithe ó na meáin Ghaeilge.
- Ábhair Ghaeilge a ullmhú d'imeachtaí, d'agallaimh agus do phreasócáidí.
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i ngach réimse d'obair na heagraíochta.
- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus iad ag úsáid na Gaeilge.
- Tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh ar an nGaeilge agus conas mar atá sí in úsáid tríd na heagraíochta.
- Freastal ar ócáidí atá á reáchtáil ag eagraíochtaí agus ag pobail na Gaeilge.

Scileanna & Taithí & Tréithe

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa, mar aon le tiomantas don Teanga.
- Cáilíocht tríú leibhéal sa Chumarsáid nó disciplín gaolmhar.
- Taithí ag déileáil leis na Meáin.
- Taithí i scríobh preasráitis agus ailt.
- Ardscileanna idirphearsanta agus cumarsáide.
- Taithí i bhforbairt phobail go mór mór pobal na Gaeilge.
- Ardscileanna cumarsáide.
- Ardscileanna eagrúcháin.
- Ábalta oibriú faoi bhrú.
- Ábalta priorachtaí a leagan síos agus spriocdhátaí a bhaint amach.
- Ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann chun aidhmeanna roinnte a bhaint amach i gcomhar le daoine eile.
- Ábalta oibriú as do stuaim féin.

Próiseas Iontrála

Déan iarratas trí CV agus litir chumhdaigh. Ní mór d'iarrthóirí soiléiriú a thabhairt sa litir chumhdaigh go bhfuil an taithí agus na scileanna cuí acu do riachtanais an phoist seo.

Déanfar freastal ar agallamh ar chostas an iarratasóra.

Ní mór iontrálacha a sheoladh chuig info@galway2020.ie i dtosach báire.

Spriocdháta d'Iontrálacha: Dé hAoine, 18 Eanáir 2019.

Tuarastal an Phoist: €30,000 go €35,000 ag brath ar thaithí.